21.2.2024 A9-0017/2

**Leasú 2**
**Clare Daly, Mick Wallace, Helmut Scholz, Anja Hazekamp, Manu Pineda**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil A9-0017/2024**
**María Soraya Rodríguez Ramos**
An Creat-Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile
(2023/0260R(NLE))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 43**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 43. ag dréim leis go gcuirfidh na forálacha maidir le léirscaoileadh infheistíochta agus cosaint infheistíochta borradh breise faoi infheistíochtaí inbhuanaithe sa dá threo trína ráthú go dtabharfar cóir chothrom agus neamh-idirdhealaitheach d’infheisteoirí ón dá thaobh; ag cur béim ar an bhfíoras go n-éilíonn infheistíochtaí slándáil dhlíthiúil, iontaoibh agus intuarthacht; á chur i bhfáth go bhfuil na forálacha maidir le cosaint infheistíochta ailínithe le cur chuige athchóirithe an Aontais maidir le cosaint infheistíochta, ar cheart go mbeadh sé d’aidhm aige cothromaíocht chuí a áirithiú idir cosaint infheistíochtaí agus ceart rialála na rialtas ar mhaithe le leas an phobail; á mheabhrú go ndeimhnítear i ráiteas léirmhínitheach comhpháirteach tuiscint na bpáirtithe go bhfuil na forálacha cosanta infheistíochta le léirmhíniú agus le cur i bhfeidhm agus aird chuí á tabhairt ar a ngealltanais faoi Chomhaontú Pháras agus go soiléirítear ann gur cheart d’infheisteoirí a bheith ag súil go nglacfaidh an tAontas agus an tSile bearta chun an t-athrú aeráide a chomhrac; á thabhairt dá haire go leanann na nósanna imeachta um réiteach díospóidí arna mbunú leis an gcomhaontú samhail ICS de chuid an Aontais, le binse buan, neamhspleách agus neamhchlaonta agus binse achomhairc; á thabhairt chun suntais | 43. ag dréim leis go gcuirfidh na forálacha maidir le léirscaoileadh infheistíochta agus cosaint infheistíochta borradh breise faoi infheistíochtaí inbhuanaithe sa dá threo trína ráthú go dtabharfar cóir chothrom agus neamh-idirdhealaitheach d’infheisteoirí ón dá thaobh; ag cur béim ar an bhfíoras go n-éilíonn infheistíochtaí slándáil dhlíthiúil, iontaoibh agus intuarthacht; á chur i bhfáth go bhfuil na forálacha maidir le cosaint infheistíochta ailínithe le cur chuige athchóirithe an Aontais maidir le cosaint infheistíochta, ar cheart go mbeadh sé d’aidhm aige cothromaíocht chuí a áirithiú idir cosaint infheistíochtaí agus ceart rialála na rialtas ar mhaithe le leas an phobail; á mheabhrú go ndeimhnítear i ráiteas léirmhínitheach comhpháirteach tuiscint na bpáirtithe go bhfuil na forálacha cosanta infheistíochta le léirmhíniú agus le cur i bhfeidhm agus aird chuí á tabhairt ar a ngealltanais faoi Chomhaontú Pháras agus go soiléirítear ann gur cheart d’infheisteoirí a bheith ag súil go nglacfaidh an tAontas agus an tSile bearta chun an t-athrú aeráide a chomhrac; á thabhairt dá haire go leanann na nósanna imeachta um réiteach díospóidí arna mbunú leis an gcomhaontú samhail ICS de chuid an Aontais, le binse buan, neamhspleách agus neamhchlaonta agus binse achomhairc; á thabhairt chun suntais |

| | |
|---|---|
| gur gá na forálacha maidir le cosaint infheistíochta a chur chun feidhme agus a fheabhsú tuilleadh i gcomhréir le moltaí na Parlaiminte ina rún an 23 Meitheamh 2022 maidir le todhchaí bheartas infheistíochta idirnáisiúnta an Aontais; | gur gá na forálacha maidir le cosaint infheistíochta a chur chun feidhme agus a fheabhsú tuilleadh i gcomhréir le moltaí na Parlaiminte ina rún an 23 Meitheamh 2022 maidir le todhchaí bheartas infheistíochta idirnáisiúnta an Aontais; ***á iarraidh, go háirithe, ar an gCoimisiún cosaint infheistíochtaí breosla iontaise a eisiamh ó AFA, beartais aeráide agus leasa phoiblí na rialtas a ghearradh amach agus infheistíochtaí inbhuanaithe a dhreasú gan bheith ag brath ar bhreithniú idir infheisteoirí agus an stát sa chomhaontú infheistíochta sin ná i gcomhaontuithe infheistíochta amach anseo;*** |

Or. en

21.2.2024 A9-0017/3

**Leasú 3**
**Helmut Scholz, Clare Daly, Mick Wallace, Anja Hazekamp**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0017/2024**
**María Soraya Rodríguez Ramos**
An Creat-Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile
(2023/0260R(NLE))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 49 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***49a. á mheas go bhféadfadh roinnt gealltanas maidir le trádáil agus cosaint infheistíochta sa chomhaontú sin a bheith ina mbagairt ar deireadh thiar ar iarrachtaí chun an téamh domhanda a chomhrac, an bonn a bhaint de phleananna forbartha tionsclaíche na Sile, agus feirmeoirí beaga agus meánmhéide a chur i mbaol; á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na saincheisteanna sin san athbhreithniú atá ar na bacáin ar an gcomhaontú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit athbhreithniú ó bhonn a dhéanamh ar chlár oibre trádála an Aontais agus a ráthú go rannchuideoidh comhaontuithe amach anseo leis an mbochtaineacht agus an neamhionannas a laghdú, le cearta oibrithe a chosaint, le feirmeacha beaga agus inbhuanaithe a chosaint, leis an tslándáil shóisialta a fheabhsú, le cearta daonlathacha na bpobal dúchasach ar a dtalamh a ráthú agus le ceartas aeráide a bhaint amach;*** |

Or. en